Coimisiún na Meán

# Tuarascáil um Chomhlíontacht Saothar Eorpach agus Neamhspleách maidir le Seirbhísí Teilifíse 2021-2023

Márta 2025

Public

# Clár Ábhar

**1. Réamhrá** 3

**2. Creat Reachtach** 3

**3. Modheolaíocht** 3

**4. Torthaí** 4

Aguisín 1 – Seirbhísí teilifíse díolmhaithe 7

Aguisín 2 – Torthaí 2019-2020 9

# 1. Réamhrá

Is uirlis iad cuótaí íosta do shaothair Eorpacha agus Neamhspleácha maidir le seirbhísí teilifíse chun infhaighteacht d'ábhar atá ábhartha agus éagsúil ó thaobh an chultúir de a chur chun cinn do lucht féachana agus chun tacú le tionscail dhúchasacha léiriúcháin ábhair Eorpaigh. Cuirtear na cuótaí ar fáil ag Airteagail 16 agus 17 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD).

Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil staidrimh ar chomhlíontacht na gcraoltóirí teilifíse le cuótaí de shaothair Eorpacha agus Neamhspleácha don tréimhse 2021-2023. Tugtar tuairisc ar an gcreat reachtach agus ar an modheolaíocht faireacháin comhlíontachta i ranna 2 agus 3. Leagtar amach torthaí an fhaireacháin i roinn 4.

# 2. Creat Reachtach

Déantar foráil in Airteagail 16 agus 17 den AVMSD go n-áiritheoidh craoltóirí teilifíse, i gcás inarb indéanta agus ar bhealach iomchuí, an méid seo a leanas:

- Go dtugtar cion móraimh dá dtréimhse tarchurtha do chlársceidealú Eorpach ('Saothair Eorpacha' nó 'SE');
    - Go dtugtar 10% ar a laghad dá dtréimhse tarchurtha nó dá gclárbhuiséad do chlársceidealú Eorpach arna chruthú ag léiritheoirí atá neamhspleách ar na craoltóirí ('Saothair Neamhspleácha' nó 'SN'); agus
    - Nach mór cion leordhóthanach de Shaothair Neamhspleácha a tharchur laistigh de 5 bliana dá léiriú ('Oibreacha le Déanaí' nó 'OD').

Tá ábhar áirithe díolmhaithe ó na hoibleagáidí thuasluaite, lena n-áirítear an t-ábhar seo a leanas:

- Nuacht, imeachtaí spóirt, cluichí, fógraíochta, seirbhísí teilitéacs agus cainéil teilishiopadóireachta;
- Craoltaí teilifíse atá beartaithe do lucht féachana áitiúil agus nach bhfuil mar chuid de líonra náisiúnta; agus
- Cainéil a chraoltar go hiomlán i dteanga nach teanga de chuid an Bhallstáit í.

Tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún freisin nach mbeadh sé indéanta an ceanglas a chur chun feidhme ar chainéil áirithe a dhírítear ar sheánraí sainspéise sonracha. Tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 16 den AVMSD ina ndéantar foráil go mbeidh feidhm le cuótaí 'i gcás inarb indéanta' agus tagann sé leis an gcleachtas roimhe seo. Tugtar liosta de sheirbhísí díolmhaithe in Aguisín 1.

Don tréimhse 2021-2023, beidh feidhm ag na cuótaí de Shaothair Eorpacha agus Neamhspleácha maidir leis na 8 seirbhís teilifíse seo a leanas: RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Jnr, TG4, Virgin Media One, Virgin Media Two, Virgin Media Three, agus Virgin Media Four. Tá feidhm ag na cuótaí maidir le Virgin Media Four ón mbliain 2022 i leith nuair a céadchraoladh é.

# 3. Modheolaíocht

Ba ó bhunachar sonraí TAM Ireland/Nielsen a baineadh sonraí clár le aghaidh gach seirbhís teilifíse a thagann faoi réim, ar mhaithe le comhlíontacht a mheas. I gcás gach seirbhíse, roghnaíodh tréimhse shamplach 16 seachtaine de chlársceidealúchán le haghaidh gach bliana sa tréimhse tuairiscithe trí bliana.

Is ionann an sampla a roghnaíodh agus tuairim is 30% den aschur thar an tréimhse tagartha, roghnaítear go randamach é, agus déantar anailís agus fíorú air. Roghnaítear an modh sin ar roinnt de na cúiseanna seo a leanas:

- Éilítear ar an gCoimisiún a chinntiú go n-oibrítear na comhshocruithe rialálaí go cuí, go comhsheasmhach agus go cothrom faoi alt 7(2)(d)(iii) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú;
- Fuarthas leibhéil arda comhlíontachta sna tuarascálacha comhlíontachta roimhe seo ag seirbhísí teilifíse lena n-oibleagáidí do Shaothair Eorpacha agus Neamhspleácha, agus sa chomhthéacs sin, beidh modheolaíocht samplála oiriúnach chun riosca a bhainistiú in aghaidh an ghá chun ualach rialálaí míchuí a sheachaint;
- Meastar an tsampláil a bheith oiriúnach chun acmhainní atá ann cheana a bhainistiú i gcomhthéacs phlean oibre foriomlán agus thosaíochtaí sainaitheanta na heagraíochta, agus ní indéanta é sonraí cuimsitheacha a bhailiú don tréimhse iomlán i bhfianaise an nóis atá i bhfeidhm faoi láthair na sonraí a bhailiú agus a anailísiú de láimh;
- Is cuí é an cur chuige sin le haghaidh a thabhairt ar an ngá riaráiste a ghlanadh agus bheith ag teacht le tréimhse thuairiscithe an Choimisiúin Eorpaigh; agus
- Leanann sé sin an cur chuige a ghlac eagraíocht réamhtheachtach an Choimisiúin, Údarás Craolacháin na hÉireann, óna bhfuarthas torthaí comhsheasmhacha.

Roghnaítear na tréimhsí ar bhonn randamach d'fhonn a chinntiú go n-áirítear sonraí leis an tuarascáil atá ionadaíoch don bhliain ina hiomláine. Gintear scarbhileoga le bogearraí Nielsen Ariana, a chuirtear ar fáil do na craoltóirí dá gcomhlánú leis an bhfaisnéis seo a leanas:

- Saothair le déanaí/athchraolta.
- Tionscnamh an chláir (AE/neamh-AE).
- Léiriúchán neamhspleách/nach bhfuil neamhspleách.
- Seánra an chláir.

Déantar na sonraí a chuireann na craoltóirí isteach a sheiceáil dá n-iomláine. Dírítear an fíorúchán ar na cláir nach bhfuiltear róchinnte faoina dtionscnamh. Cuirtear fiosruithe faoi na sonraí faoi bhráid an chraoltóra ábhartha, agus féadfaidh an Coimisiún catagóirí sonraí a leasú i gcás inarb iomchuí. Fógraítear athruithe ar na sonraí don chraoltóir ábhartha.

Tiomsaítear na figiúirí deiridh, agus i gcás inar léir neamh-chomhlíontacht a bheith ann, iarrtar ar an gcraoltóir míniú a thabhairt.

# 4. Torthaí

Chomhlíon gach seirbhís teilifíse an cuóta 50% do Shaothair Eorpacha agus an cuóta 10% do Shaothair Neamhspleácha. Tagann na figiúirí den chuid is mó le torthaí ón tréimhse thuairiscithe roimhe seo thiar in 2019-2020 (féach Aguisín 2).

Is suntasach ard iad na hOibreacha Eorpacha ar sheirbhísí Virgin Media. Is amhlaidh sin de bharr an líon ard ábhair a fhoinsíonn an tseirbhís go heisiach ón Ríocht Aontaithe. Bheadh tionchar suntasach ar sheirbhísí Virgin Media dá réir ag tograí trialacha chun ábhar d'fhoinse na Ríochta Aontaithe a bhaint de chatagóir na

gcuótaí do Shaothair Eorpacha, maidir le líonadh na gcuótaí faoi Airteagal 16 agus 17. Bheidh tionchar aige freisin ar sheirbhísí RTÉ, agus an tionchar is mó le sonrú ar RTÉJnr.

Tugtar na torthaí iomlána do gach bliain den tréimhse athbhreithnithe sa tábla thíos.

| Seirbhís Teilifíse | 2021 | | | 2022 | | | 2023 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | SE[1] (íoschéatadán 50%) | SN[2] (íoschéatadán 10%) | SD[3] | SE (íoschéatadán 50%) | SN (íoschéatadán 10%) | SD | SE (íoschéatadán 50%) | SN (íoschéatadán 10%) | SD |
| **RTÉ a hAon** | 77% | 29% | 27% | 78% | 29% | 26% | 83% | 35% | 30% |
| **RTÉ a Dó** | 63% | 49% | 35% | 61% | 48% | 35% | 65% | 56% | 44% |
| **RTÉ Jnr** | 89% | 68% | 57% | 90% | 78% | 61% | 95% | 85% | 59% |
| **TG4** | 51% | 51% | 10% | 51% | 49% | 10% | 60% | 59% | 8% |
| **Virgin Media One** | 92% | 22% | 16% | 94% | 22% | 16% | 94% | 22% | 17% |
| **Virgin Media Two** | 92% | 41% | 34% | 85% | 33% | 26% | 89% | 39% | 29% |
| **Virgin Media Three** | 85% | 35% | 11% | 82% | 27% | 8% | 88% | 37% | 11% |
| **Virgin Media Four** | Gan bheith ar fáil | Gan bheith ar fáil | Gan bheith ar fáil | 95% | 27% | 10% | 85% | 44% | 22% |

[1] SE = Saothair Eorpacha mar chéatadán den Am Incháilithe Iomlán.
[2] SN = Saothair Eorpacha arna léiriú ag Léiritheoirí Neamhspleácha mar chéatadán den Am Incháilithe Iomlán.
[3] SD = Saothair Eorpacha le Déanaí arna léiriú ag Léiritheoirí Neamhspleácha mar chéatadán de na Saothair Eorpacha iomlána

## Aguisín 1 – Seirbhísí teilifíse díolmhaithe

| Seirbhís Teilifíse | Cúise leis an díolúine |
|---|---|
| Cúla4 | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| CSI (Fight Sports) | Cainéal Spórt |
| Discovery - Animal Planet | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - DMAX | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - Food Network | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - HGTV | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - ID | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - Quest | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - Quest Red | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery - TLC | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery (Really) | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery Channel | Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr chineál speisialta an ábhair agus a indéantacht ghaolmhar don chainéal ar leith. |

| Seirbhís Teilifíse | Cúise leis an díolúine |
|---|---|
| Discovery History | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery Science | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Discovery Turbo | Ní íocann síntiús leis na córais sonraí lucht féachana. Cainéal dár deonaíodh díolúine tuairiscithe de bharr sciar íseal measta den lucht féachana agus indéantacht an tuairiscithe, agus de bharr an ualaigh ghaolmhair i bhfianaise mhéid an chainéil. |
| Eir TV (EPG) | Treoir leictreonach do chláir |
| Teilifís an Oireachtais | Cainéal parlaiminteach, arb é sruthú imeachtaí na parlaiminte é mórchuid den ábhar air. |
| Premier Sports 1 & 2 | Cainéal Spórt |
| Setanta Sports 1 & 2 | Cainéal Spórt |
| Setanta Sports Philippines | Cainéal Spórt |
| Setanta Sports Ukraine | Cainéal Spórt |
| SIS Competitive Gaming | Cainéal Spórt |
| SIS Europe | Cainéal Spórt |
| SIS Horseracing Europe | Cainéal Spórt |
| SIS Independent | Cainéal Spórt |
| SIS Spain | Cainéal Spórt |
| RTÉ News | Cainéal Nuachta |
| Virgin More | Cainéal féinbholscaireachta |
| Virgin Media Sport | Cainéal Spórt |
| Virgin Media Sports Extra | Cainéal Spórt |
| W Sport | Cainéal Spórt |
| CCTV (Cork Community Television) | Craoltaí teilifíse atá beartaithe do lucht féachana áitiúil agus nach bhfuil mar chuid de líonra náisiúnta. |
| DCTV (Dublin City Television) | Craoltaí teilifíse atá beartaithe do lucht féachana áitiúil agus nach bhfuil mar chuid de líonra náisiúnta. |

## Aguisín 2 – Torthaí 2019-2020

| Cainéal | Sonraí Staidrimh | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2019 | | | 2020 | | |
| | **SE**[4] | **SN**[5] | **SD**[6] | **SE** | **SN** | **SD** |
| RTÉ One | 70.43% | 23.26% | 21.75% | 73.03% | 26.52% | 24.14% |
| RTÉ Two | 53.76% | 41.46% | 29.33% | 59.50% | 42.51% | 35.40% |
| RTÉ Jnr | 84.42% | 63.93% | 52.05% | 89.73% | 67.45% | 57.33% |
| TG4 | 59.94% | 53.40% | 39.78% | 60.77% | 59.28% | 40.26% |
| Virgin Media One | 93.86% | 47.17% | 20.40% | 94.65% | 53.54% | 21.66% |
| Virgin Media Two | 96.33% | 73.15% | 15.90% | 98.41% | 20.80% | 0.70% |
| Virgin Media Three | 91.32% | 60.13% | 12.15% | 92.15% | 70.16% | 4.83% |

[4] SE = Saothair Eorpacha mar chéatadán den Am Incháilithe Iomlán.
[5] SE = Saothair Eorpacha arna léiriú ag Léiritheoirí Neamhspleácha mar chéatadán den Am Incháilithe Iomlán.
[6] SD = Saothair Eorpacha le Déanaí arna léiriú ag Léiritheoirí Neamhspleácha mar chéatadán de na Saothair Eorpacha iomlána.